

❖ An Lúibín ❖

18 Iúil 2008

Focal i nGaeilge

If you're lost for Irish, the phone in your pocket can help you.

Is iomaí duine a bheidh ag siúl na sráide feasta agus é ag iarraidh cuimhneamh ar an nGaeilge a chuirfeá ar 'ecology' nó ar 'omelette'. Ní bheidh le déanamh aige ach suil a thabhairt ar a ghuthán póca agus leanfaidh an comhrá gan stad le cúnaimh *Get the Focal*.

Tá os cionn 12,000 aistriúchán Béarla-Gaeilge le fáil anois ar an nguthán póca, a bhúiochas sin ar Fhoras na Gaeilge, ar Enterprise Ireland agus go háirithe ar an gcomhlacht TF (teicneolaíocht faisnéise) Maithú. Is féidir an foclóir iomlán a íoslódáil ar €5, agus tá a leath le fáil saor in aisce in Éirinn ach 'Focal' a sheoladh chun 53503 (nó 82222 ó thuaidh). 30 ceint atá ar an teachtaireacht téacs – sin £0.25 sa Tuaisceart. Ní gá feidhm a bhaint as an Idir-Líon chuige.

Cruthaíonn Maithú bogearraí saincheaptha, agus thapaigh siad an deis nuair a chonaic siad an tsuim nua a bhí ag teacht ag daoine i nGaeilge, suim nár thaispeáin siad ar scoil b'fhéidir. Tháinig *Get the Focal* chugainn tríd an gclár CÉIM, agus sampla maith é den fhiontraíocht atá ag gabháil leis an teanga anois – fiontraíocht a chuideoidh go mór leis an nGaeilge a bhuanú sa saol atá romhainn.

Tá breis eolais ar fáil ar www.getthefocal.com.



Gàidhlig agus Breatnais san Aontas Eorpach

Welsh and Scots Gaelic may soon have official status in the EU.

Tá stádas oifigiúil na Gàidhlig agus na Breatnaise san Aontas Eorpach (AE) ag brath anois ar Chomhairle na hEorpa, atá chun vótáil faoin scéal gan mhoill.

Is lú an stádas a bheadh acu ná stádas na Gaeilge agus na 22 teanga oifigiúil eile. Tabharfar an t-aitheantas céanna dóibh is a thugtar don Chatalóinis, don Bhascais agus don Ghailísis. Tá de cheart ag daoine litreacha a chur chun an AE agus a fháil ar ais sna teangacha sin, agus tá ateangaireacht chomhuaineach ar fáil i gcomhair cruinnithe. Is iad na rialtais áitiúla a íocann as an gcostas atá ag gabháil leis an stádas oifigiúil.

Deirtear go bhfuil Gàidhlig ag 58,600 duine, cé go bhfuil an teanga lag go leor sna ceantair thraidisiúnta. B'fhéidir go bhfuil máistreacht ag 290,000 duine ar an mBreatnais, gan trácht ar dhaoine a bhfuil smeadaráil di acu.

Mar a tharla in Éirinn, beidh súil le poist i ngnóthaí aistriúcháin, ós féidir an obair sin a dhéanamh ar an idirlíon agus tríd an ríomhphost agus gan bogadh as baile ar chor ar bith. In Éirinn ba dheacair teacht ar dhaoine a bhí in ann ag an obair (ní nach ionadh), ach ní dócha go mbeadh an fhadhb sin ag na Breatnaigh ar aon chuma.



Go Toráí

The most remote of Gaeltacht areas, the island of Tory, is to be made more accessible.

Ba dheacair riamh teacht chomh fada le hOileán Thoraí, rud a chuidigh, b'fhéidir, leis an nGaeilge a choinneáil beo ann. Bhi an fharraige mhór idir é agus Dún na nGall, agus ba gharbh an fharraige í. Tá an t-oileán timpeall trí mhíle slí ar fad agus agus beagán níos lú ná aon mhíle amháin ar leithead. Timpeall 170 duine atá ina gcónaí ann agus iad le fáil sa Bhaile Thoir, sa Bhaile Thiar, sa Lár agus san Úrbaile. Tá Comharchumann Oileán Thorai ann agus gor leor le déanamh acu – céilithe agus eile a chur ar siúl ar feadh na bliana agus déileáil leis na heagraíochtaí stáit.

Tá Oileán Thoraí daingnithe le hailleacha, agus tá cuid de an-sceirdiúil, áit ar lomadh na portaigh le haghaidh na stílreacht sa 19ú haois – sampla neamhchoitianta de dhrochiarsmaí an óil. Mar sin féin, níl caill ar an dúlra: tá algae suimiúla le fáil go flúirseach ann, más spéis leat a leithéidí - *Himanthalia lorea*, *Laminaria digitata*, *Rhodomenia laciniata* agus mórán eile – agus tá an t-oileán dubh le éin. D'fheicfeá faoileáin, geabhróga, broighill, gainnéid agus fuipíní ann, agus go fiú leithéidí na dtraonach, éin atá ag éirí gann in áiteanna eile.

Ní saibhre an dúlra ná an stair. Ar an taobh thoir den oileán tá Dún Bhaloir, daingean réamhstairiúil a bhfuil na hailleacha á chosaint agus nach féidir dul ann ach trasna caol talún. Tá baint ag an oileán le Colm Cille, agus tá cros ann atá luaite lena ré. Tá clogtheach sa Bhaile Thiar, an rud is suntasaí a mhair tar éis na seanmhainistreach scriosta, agus é déanta d'éibhear cruu. Tá Ulaí Bhríde ann, seanaltóir bheag, agus bhíodh cailís chloiche ann atá anois san Iarsmalann Náisiúnta. Thagadh oilithrigh anseo ón mór-roinn, agus lucht troda. Deir Annála Ríochta Éireann gur mharaigh na hAlbannaigh Cathbarr mac Mhaghansa mhic Aodha Dhuibh mhic Aodha Rua, mac Uí Bhaoighill agus mac Mhic Shuibhne Bhaghainigh (arbh uaisle iad uile) in éineacht le 'lucht loinge faide' i dToráí sa bhliain 1553.

Na turasóirí a thagann anois, agus ní mór do mhuintir na háite corrthuras a dhéanamh ó dheas. Tá socrú nua déanta dá bharr a chuirfidh leis an méid turais bháid. Beidh báid ag teacht is ag imeacht 12 uair sa tseachtain – turas go luath ar maidin ón oileán agus turas ar ais um thráthnóna. Muintir an oileáin féin a d'éiligh an tseirbhís bhreise.

Is fiú súil a thabhairt ar www.oileanthorai.com, más áil leat tuairim a bhaint as radhairc na háite.



Dlí na Gaeilge

The Gaelic League is urging that Irish be used in Gaeltacht courts.

Tá rudaí le rá ag Conradh na Gaeilge faoi chúrsaí dlí, agus Bille na nDlí-Chleachtóirí (an Ghaeilge) 2007 á phlé ag an Dáil. Tá na cúirteanna dúiche á n-atheagrú agus tá de rún ag an gConradh an Ghaeilge a chur á húsáid i gcúirteanna na Gaeltachta de réir mar is cuí. Ba mhaith leis an gConradh dá bhféachfadh na páirtithe polaitiúla go léir chuige.

Bhí tráth ann agus ba choitianta an rud é Gaeilge a chloisteáil sna cúirteanna céanna (cé gur i mBéarla a dhéantaí tuairisc ar na cúiseanna ar na páipéir). Anois is é an Béarla teanga na gcúirteanna, agus dúirt Uachtarán an Chonartha gur chóir go mbeadh pas faighte in ardchúrsa Chomhairle Chumann Onórach Óstaí an Rí ag na breithiúna agus ag an bhfoireann sna cúirteanna Gaeltachta, rud a chuirfeadh ar a gcumas teacht gan Bhéarla.

Ba mhaith leis an gConradh go mbeadh a oiread Gaeilge ag cuid mhaith de na dlíodóirí is

gurbh fhéidir leo an dlí a chleachtadh sa dá theanga, ach nach mór limistéar ar leith a dhéanamh den Ghaeltacht sna cúrsaí seo.

Dúirt Uachtarán an Chonartha go raibh baint ag úsáid an Bhéarla sna cúirteanna le meath na teanga, agus ní deacair teacht leis an tuairim sin. Deir daoine eile go bhfuil na Gaeltachtaí chomh lag sin anois gur ar éigean is fiú an Ghaeilge a úsáid sna cúirteanna, agus gur mó an tairbhe, sa síneadh fada, an teanga a chur ar fáil ar fud na tíre.



Gaeilge agus Gàidhlig

Strong criticism of the standard of language teaching in Irish primary schools, while Glasgow's Gaelic School forges ahead.

Scéal nach gcuirfeadh ionadh ar mhórán: deir an Roinn Oideachas in Éirinn, tar éis fiosrú a dhéanamh, gur lag an Ghaeilge atá ag beagnach an ceathrú cuid de mhúinteoirí sna bunscoileanna, agus go bhfuil 9% díobh go dona ar fad. Bhailigh na cigirí an t-eolas sa bhliain 2005, agus rinneadh athrú mór ar churaclam na Gaeilge an bhliain roimhe sin.

Bhí múineadh scileanna éisteachta go dona i leath na scoileanna, agus trí Bhéarla a bhí Gaeilge á múineadh sa tríú cuid de na ranganna, rud a bhac ar na daltaí feidhm a bhaint as an nGaeilge mar theanga bheo. Níor cuireadh treise mhór ar úsáid na mbriathra agus is beag tairbhe a bhain na daltaí as cluichí teanga, dá aoibhne iad. I leath na ranganna ní raibh scileanna léitheoireachta á múineadh. Mar sin féin, dúirt formhór na scoileanna gur mhaith an rud an Ghaeilge a mhúineadh agus a chur chun cinn.

Deir ardrúnaí INTO, cumann múinteoirí, go bhfuil múinteoirí cáilithe gann agus go bhfuil gá le hacmhainní múinteoireachta, tuairim a dtagann an Rialtas léi. Tháinig méadú ar fhoireann na Gaeilge sna bunscoileanna agus ar an bhfoireann a thugann oiliúint do mhúinteoirí Gaeilge dara leibhéal. Tá cúnaimh le fáil freisin ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, dream a sholáthraíonn téacsleabhair agus acmhainní múinteoireachta. Is dócha, mar sin féin, gurb é is cionsiocair leis an bhfadhb laghad na Gaeilge a thug na múinteoirí féin leo ón mbunscoil.

Is deacair a shéanadh anois go bhfuil cothú na teanga á fhágáil faoi na scoileanna lánGhaeilge, agus iad ag mealladh na múinteoirí is líofa, dream nach bhfuil rólíonmhar. Scéal den saghas céanna a tháinig as Albain, agus an oiread sin éilimh ar Scoil Ghàidhlig Ghlaschú nach furasta múinteoirí le Gàidhlig a fháil. Tá os cionn 70 dalta le clárú sa bhunscoil agus beidh 100 dalta sa mheánscoil an bhliain seo chugainn.

Tá Comhairle Ghlaschú le moladh as a bheith ar an gcéad chomhairle in Albain a chuir meánscoil Ghàidhlig ar fáil, rud a mhúscail spéis sa ghnó ina lán áiteanna eile. Tá múinteoirí le Gàidhlig gann ar fud na tíre, agus táthar ag brath ar Bhòrd na Gàidhlig, ar na hollscoileanna, ar ghrúpa athbheithithe na teanga agus ar an Rialtas chun an bhris a thabhairt isteach.



Móirtheanga i bpráinn

Indonesia, one of the most linguistically diverse of nations, is well aware of the importance of English. But, as two scholars have demonstrated, English instruction is faltering in Indonesian schools.

Tá gá le hidirtheanga sa saol seo agus faoi láthair is é an Béarla an teanga sin. Ach is aisteach an scéal é nuair a theipeann ar thír í a mhúineadh le héifeacht.¹ Sin mar atá an scéal san Indinéis, más fíor do bheirt scoláirí - Martin Lamb and Hywel Coleman – a rinne staidéar ar an gceist.²

Mar a deir na húdair, tá an Indinéis (tír oileánach) breac le teangacha - 737 ceann acu, nó 11% den 6,900 teanga atá le fail sa domhan faoi láthair. Orthu sin tá an Indinéis, leagan den Mhalaeisis a dtugtar *Bahasa Indonesia* uirthi. Sa bhliain 1918, nuair a bhí an Indinéis ina coilíneacht fós (agus Indiacha Thiar na hOllainne uirthi), thosaigh na hOllannaigh ag cur Malaeisise chun cinn mar rogha ar Ollainnis ar eagla go dtabharfadh an Ollainnis barúlacha contúirteacha isteach. Sna fichidí ghlac na náisiúnaithe féin an Mhalaeisis chucu, agus sa bhliain 1945 fógraíodh gurbh í teanga náisiúnta na tíre í faoina hainm nua. De réir na bhfigiúirí is déanaí (2000) tá 23 milliún cainteoir dúchais ann agus suas le 140 milliún duine eile a labhraíonn í mar an dara teanga.

Aisteach le rá, ní ábhar suntais í an Indinéis in aigne mhuintir na tíre; meastar go bhfuil sí 'simplí' le hais an Bhéarla. Deir Lamb agus Coleman freisin gurbh fhéidir gur deacair do dhaoine éigin í a aithint mar chomhartha féiniúlachta toisc nach bhfuil sí ina teanga dhúchais acu agus go múintear go han-fhoirmiúil í.

Má fhágtar Indinéis as an áireamh, is léir go bhfuil an-éagsúlacht ag teangacha na tíre i dtaca le líon cainteoirí de. Is leathan an difríocht atá idir Javainis, teanga atá ag 75 milliún duine (1969), agus Bucaitis (*Bukat*), teanga i gCealaimeantan (*Kalimantan*) nach bhfuil á labhairt ach ag 400 duine. Is minic Indinéis agus teanga áitiúil á labhairt sa bhaile, nó dhá theanga áitiúla amháin; tá méadú ag teacht ar an dream nach bhfuil acu ach Indinéis, ach úsáideann timpeall 80 milliún duine (32% den phobal) teanga áitiúil amháin. Tá dlíarnú polaitiúil ann ach níl a lorg sin ar theangacha áitiúla. Níl siad le fáil sna scoileanna, agus is dócha go bhfuil mórán acu ag meath.

Tá teangacha 'iasachta' eile ann seachas Béarla. Is tír Ioslamach í an Indinéis agus Araibis ina teanga chreidimh ann, an-eolas ag beagán uirthi agus gan ach breac-eolas ag na táinte. Bhíodh cosc ar mhúineadh na Sínis³ ach anois tá éileamh ar an teanga mar ábhar breise i scoileanna éigin cathrach.

Tá Béarla mar ábhar éigeantach sna meánscoileanna, agus é le fáil go coitianta in áiteanna eile: úsáidtear é i bhfógraí fostaíochta, ar lipéid agus i dteidil na n-úrscéalta a dhírítear ar chailíní óga. Ní féidir na hollscoileanna is mó gradam a bhaint amach gan é agus tá sé á mhúineadh i mórán bunscoileanna, ach, de réir mar a deir Lamb agus Coleman, níor tháinig sé slán ó na fadhbanna atá ag cur as don gcóras oideachas i gcoitinne. Tá scolaíocht in ainm is a bheith saor in aisce ach éilítear a lán táillí neamhoifigiúla maidir le héide scoile, le leabhair, le scrúduithe agus eile. Tá múinteoirí ar bheagán tuarastail agus a rian sin ar mhodhanna

¹ Saghas sólais é seo don té a mbeadh gruaim air faoi theip na Gaeilge i scoileanna na hÉireann. Is beag rath atá ar mhúineadh an Bhéarla i scoileanna na Fraince féin, agus cúpla cúis ar a laghad leis – modhanna stalchta teagaisc agus beocht chultúrtha na teanga dúchais. Is é an scéal céanna sa tSeapáin acu.

² 'Literacy in English and the Transformation of Self and Society in Post-Suharto Indonesia,' Martin Lamb and Hywel Coleman. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, Volume 11: 2, 2008.

³ Is mionlach iad na Síniigh ar éirigh leo dul chun cinn i gcúrsaí gnó ach a bhfuil drochiontaoibh ag mórán Indinéseach eile acu, rud is léir ó na hionsuithe a dhéantar orthu nuair a bhíonn círeib ann. D'fhág an drochiontaoibh sin a rian ar bheartas an stáit ina leith.

oideachais, sa mhéid gur de ghlanmheabhair a fhoghlaimítear na ceachtanna. Is bocht an Béarla atá ag mórán múinteoirí, agus an té a bhfuil máistreacht aige air is féidir leis i bhfad níos mó airgid a shaothrú lasmuigh den scoil. Tá easpa oiliúna agus cáilíochtaí ar mhórán den lucht teagaisc agus drochbhail ar mhórán scoileanna. Is iomaí dalta nach bhfuil aige ach smeadaráil Bhéarla de bharr a chuid scolaíochta, cé gur mó an rath atá ar an teanga sna scoileanna meánaicmeacha cathrach.

Bhain Lamb agus Coleman eolas fiúntach as suirbhé a rinneadh i Súmátra. Rinne siad amach nach féidir dul chun cinn a dhéanamh i mBéarla gan cúrsa a dhéanamh lasmuigh den scoil. Thosaíodh na daltaí go dóchasach ach d'éirídis míshásta lena gcumas Béarla de réir a chéile, cé go mbíodh meas acu ar an teanga féin go fóill. Bhí an-tábhacht le dearcadh a dtuismitheoirí agus a gcomhdhaltaí: ba mhínic dímheas ar úsáid na teanga sa chlós, cé nach mar sin atá an scéal sna meánscoileanna meánaicmeacha.

Deir Lamb agus Coleman gur mór an cúnamh cuspóirí a bheith agat atá ag brath ar Bhéarla líofa a bheith agat. Is iad na daoine is líofa a théann i bhfeabhas, mar téann teanga i neart de réir a bhfuil foghlamtha cheana di. Tá teorainn leis an méid Béarla is féidir a thabhairt leat ar scoil, ach ar a laghad ba cheart daltaí a ghríosú chun é a fhoghlaim lasmuigh den scoil, anois nó feasta. Tá na húdaráis ag súil go gcuideoidh na cainteoirí líofa Béarla leis an tír a chur ar aghaidh, ach is mór an baol go méadóidh ar an difríocht atá idir an saibhir agus an daibhir.

Is é tuairim na n-údar gur gá an fál atá idir an rang agus an pobal a leagadh. Tá úsáid an Bhéarla ag méadú sna hamhráin, sna lipéid, sna fógraí agus sna postaeirí poiblí agus is féidir áis fhiúntach a dhéanamh díobh sin agus daoine á spreagadh chun máistreacht a fháil ar an teanga. Tá sé le tuiscint as seo go bhfuil obair nua le déanamh ag na múinteoirí, ní hamháin mar theagascóirí atá ag plé le heolas a scrúdaítear go náisiúnta ach mar threoirithe a tharraingíonn aird ar chleachtais áitiúla liteartha chomh maith, ó tá teangacha dúchais agus neamhdhúchasacha ag dul in iomaíocht le chéile san éiceachóras teangeolaíoch.

Go fiú dá n-athleasófaí an curaclam ó bhonn ar an dóigh seo ní bheadh faille chothrom ag cách léamh agus scríobh an Bhéarla a fhoghlaim. Is dóigh le Lamb agus Coleman gur féidir an fhadhb seo a fhuascailt ach an teagasc agus leas na ndaoine a nascadh go soiléir le chéile, agus trína aithint (mar a dhéanann na déagóirí i Súmátra) gur mór an phribhléid í an litearthacht agus go bhfuil de cheangal ar dhaoine oilte cuidiú leo siúd ar ceileadh orthu í.

Déanann údair an ailt seo talamh slán de gur fiú Béarla a fhoghlaim, ach tugann siad léargas ar chastacht an scéil, rud is furasta a dhearmad agus caithréim na teanga á fógart chomh minic agus chomh glórach sin. Is iomaí dris sa ghort seo, agus ní féidir leis an mBéarla gan dul i bhfostú ann. Is iomaí duine a bhfuil smeadaráil den teanga aige agus is beag duine a fhaigheann fíormháistreacht uirthi, rud a fhágann teimheal ar an gcaithréimeachas. San Indinéis tá saothrú an Bhéarla ag brath ar chúrsaí geilleagair agus riaracháin, agus is fada go mbeidh fáil ag na bochtáin air. Tá le tuiscint as sin gur cóir dúinn Astrálaigh seift eile a thriail: Indinéis a fhoghlaim.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun colger@melbpc.org.au nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au